Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2015**
**(OR. en)**

**15151/15**

**FISC 186**
**ECOFIN 966**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Nollaig 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14303/15 FISC 160 ECOFIN 884 |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Conclúidí ón gComhairle (8 Nollaig 2015) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a ghlac an Chomhairle ag an 3415ú cruinniú dá cuid ar an 8 Nollaig 2015.

**IARSCRÍBHINN**

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid a leanas:

- is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht Lucsamburg mar a leagtar amach é ina tuarascáil (14302/15 FISC 159 ECOFIN 883);
- is díol sásaimh di go háirithe an comhaontú faoin treoir agus faoi na nótaí míniúcháin maidir le neamhréireachtaí i gcás eintitis hibride a bhaineann le tríú tíortha;
- iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar agus iarrann sí uirthi tús a chur lena cuid oibre faoi Phacáiste Oibre 2015 freisin;
- iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé le Lichtinstéin maidir le prionsabail an Chóid Iompair a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa tuarascáil é;
- iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ailíniú chórais na dticbhoscaí paitinne i gcomhréir le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe;
- iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na hÍsiltíre".